13 Bealtaine 2010

Nóiméad amháin ciúnais i scoileanna ar fud na tíre in ómós dóibh siúd a d'fhulaing caillteanas le linn an Ghorta Mhóir

Dé hAoine 14 ú Bealtaine 2010, mar chomhartha measa agus aitheantais dóibh siúd a fuair bás nó a d'fhulaing caillteanas le linn an Ghorta Mhóir, beidh nóiméad amháin machnaimh ciúin i scoileanna ar fud na tíre. Cuireann Pat Carey TD, an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, agus Cathaoirleach ar Choiste Cuimhneacháin Náisiúnta an Ghorta Mhóir, fearadh na fáilte roimh chinneadh na scoileanna tacú le Lá Cuimhneacháin Náisiúnta an Ghorta Mhóir 2010.

Beidh sos ag mic léinn i ngach bunscoil agus meánscoil ar feadh nóiméid amháin ag meán lae Dé hAoine 14ú Bealtaine chun machnamh a dhéanamh ar chaillteanas an Ghorta Mhóir agus smaoineamh faoin ngorta agus faoin ocras ar fud an domhain. D'eisigh Trócaire agus Gorta eolas freisin do scoileanna ar mian leo na naisc a fhiosrú idir Gorta Mór na hÉireann agus an gorta i saol an lae inniu.

Dúirt an tAire Carey: "Tá áthas orm go bhfuil na scoileanna ag tacú le Lá Cuimhneacháin Náisiúnta an Ghorta Mhóir 2010 na bliana seo agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo uile as an tacaíocht seo. Bhí tionchar nár bheag ag an nGorta Mór ar shochaí na hÉireann agus bhí sé ar cheann de na tragóidí is mó i stair ár dtíre. Cé gur féidir nach bhfuil gorta dóchúil inár dtír féin sa lá atá inniu ann, do dhaoine eile ar fud an domhain, is réadúlacht é. Ní mór dúinn, mar náisiún, úsáid a bhaint as ár dtaithí agus ár n-ionbhá chun aird a tharraingt ar a gcás siúd".

Ghabh an tAire Ó Ciardha buíochas chomh maith leis na hEaspaig Éireannacha Caitliceacha atá ag spreagadh pobail na bparóistí chun bealach feiliúnach a aimsiú le Lá Cuimhneacháin Náisiúnta an Ghorta Mhóir a shonrú go háitiúil.

"Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do na hEaspaig Éireannacha atá i ndiaidh iarraidh ar a gcuid paróistigh ar fud na tíre Lá Cuimhneacháin Náisiúnta an Ghorta Mhóir a shonrú ar 16ú Bealtaine. Tuigimid an chabhair atá tugtha acu don chomóradh. Tá siad i ndiaidh cabhrú linn teagmháil a dhéanamh le líon mór daoine ar fud na hÉireann a bheidh in ann cuimhneamh anois ar íospartaigh an Ghorta Mhóir ina gcuid paidreacha."

Beidh Cuimhneachán Náisiúnta an Ghorta Mhóir 2010, ar siúl Dé Domhnaigh, 16ú Bealtaine i Muraisc, Co Mhaigh Eo, le himeacht idirnáisiúnta ag tarlú i Nua-Eabhrac an tseachtain dár gcionn. Beidh roinnt tionscnamh bainteach ar siúl freisin chun tacú le clár oifigiúil Cuimhneacháin Náisiúnta an Ghorta Mhóir, le fócas ar leith ar an téama a nascann gorta agus ocras, san am a chuaigh thart agus i saol an lae inniu.

Críoch